

# Bunchlocha an Churaclaim: Léargas Ginearálta

## **Aistear**

*Téamaí:* Folláine agus Leas, *Féiniúlacht agus Muintearas*, Cumarsáid a Dhéanamh, Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht Gach ceann de na Treoirlínte le haghaidh an Dea-Chleachtais

## **Caighdeáin Síolta**

1: Cearta an Linbh, 2: Timpeallachtaí, 3: Tuismitheoirí agus Teaghlaigh, 5: Idirghníomhaíochtaí, 6: Súgradh, 7: Curaclam, 11: Cleachtas Gairmiúil, 13: Aistrithe, 14: Féiniúlacht agus Muintearas, 16: Rannpháirtíocht an Phobail  
*Achoimrí Taighde nasctha leis na Caighdeáin thuas*

Tá sé mar aidhm ag *Treoir Chleachtais Aistear Síolta* cabhrú leat i do ról mar fhorbróir curaclaim chun do churaclam a thógáil, machnamh a dhéanamh air, agus cur leis chun tacú le luathfhoghlaim agus luathfhorbairt naíonán, lapadán agus leanaí óga. Ag tarraingt ar an taithí atá ag earnáil na luath-óige ar *Aistear* agus *Síolta* a úsáid, cuimsíonn an Treoir Chleachtais:

### • **Bunchlocha an Churaclaim** agus na **6 Cholún Curaclaim Idirnasctha:**

1. Comhpháirtíochtaí a Chothú le Tuismitheoirí
2. An Timpeallacht Foghlama a Chruthú agus a Úsáid
3. Foghlaim trí mheán an tSúgartha
4. Idirghníomhaíochtaí a Chothú agus a Leathnú
5. Pleanáil agus Measúnú le Téamaí *Aistear*
6. Tacú le hAistriú.

Tugtar léargas ginearálta ar

**Bhunchlocha an Churaclaim** sa cháipéis seo. Túsphointe tábhachtach is ea na Bunchlocha seo le smaoineamh a dhéanamh ar a bhfuil i gceist le curaclam.

Tá Bunchlocha an Churaclaim bunaithe ar na prionsabail, ar na treoirphrionsabail agus ar na dearcthaí a théann i bhfeidhm ar obair gach cleachtóra agus ar obair an tsuímh. I measc na mBunchloch tá na ceithre ghné seo a leanas:

### **Gné 1: Do Churaclam agus do Ráiteas Curaclaim a fhorbairt**

Cuirtear faoi chaibidil sa ghné seo céard is brí le curaclam, agus le curaclam éiritheach ar bhonn fiosraithe go háirithe. Cabhróidh sí leat smaoineamh ar do churaclam féin agus ráiteas maidir leis a fhorbairt, rud a bheidh tú in ann a chomhroinnt le daoine eile. Is féidir leat do pleanáil fhadtréimhseach curaclaim a bhunú ar an ráiteas seo agus é a nuashonrú de réir mar is gá.

### **Gné 2: Prionsabail amhail Cearta an Linbh agus Íomhá Linbh an Chleachtóra**

Cuirtear faoi chaibidil sa ghné seo na prionsabail atá mar bhonn agus mar thaca ag *Aistear* agus ag *Síolta*. Tá sí dírithe ar chearta an linbh agus ar íomhá linbh an chleachtóra go háirithe, agus cabhróidh sí leat smaoineamh ar na prionsabail atá mar bhonn agus mar thaca ag do churaclam. Tá na gníomhaíochtaí seo ceaptha lena gcur i gcrích de réir a chéile.

### **Gné 3: Téamaí Aistear**

Tá an ghné seo dírithe ar théamaí *Aistear*, a chuireann síos ar an bhfoghlaim agus ar an bhforbairt agus a chabhróidh leat tacú le forbairt iomlánaíoch na leanaí uile.

### **Gné 4: Cleachtas Gairmiúil**

Breathnaítear ar an gcleachtas gairmiúil sa ghné seo, lena n-áirítear coincheap na ceannasaíochta oideolaíche.

## **Na hacmhainní i mBunchlocha an Churaclaim a úsáid**

Tá réimse acmhainní ag gabháil le gach ceann de na ceithre ghné a chuirfidh ar do chumas machnamh a dhéanamh ar do chleachtas féin.